2025/1522

29.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1522 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1), Airteagal 12c, Airteagal 17(3), agus Airteagal 20(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, bunaíodh córas de chuid an Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN) a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 ón gCoimisiún ([2]) leagadh síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

(3) Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ina dhiaidh sin le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(4) Baineann roinnt leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842 le forálacha a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 a leasú chun é a oiriúnú do na hathruithe a tugadh isteach i Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842.

(6) Leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 foirm le haghaidh an réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008. Tá an fhoirm sin le simpliú chun dúbláil ar an bhfaisnéis atá le tuairisciú a sheachaint. Dá bhrí sin, tá Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 agus an Iarscríbhinn chomhfhreagrach a ghabhann leis le tabhairt cothrom le dáta.

(7) Foráiltear le hAirteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 go ndéanfaidh na Ballstáit cigireachtaí calafort ar 5 % ar a laghad d'oibríochtaí tabhairt i dtír agus trasloingsithe a dhéanann soithí iascaireachta tríú tír i gcomhréir le tagarmharcanna arna gcinneadh ar bhonn bainistiú riosca. Bunaítear na tagarmharcanna sin in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009. Foráiltear le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 go bhfuil an Coimisiún leis na tagarmharcanna sin a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn thoradh an tuairiscithe atá le déanamh ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm na dtagarmharcanna sin. Tugadh isteach athruithe ar na tagarmharcanna freisin le Rialachán (AE) 2023/2842 ar Airteagail 3, 10 agus 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008. Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

([1]) IO L 286, 29.10.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1005/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú (IO L 280, 27.10.2009, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1010/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

(8) Le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009, tugadh isteach foirm shimplithe de dheimhniú gabhála le haghaidh roinnt táirgí iascaigh a fhaigheann soithí beaga iascaireachta, i bhfianaise na srianta acmhainneachta a d'fhéadfadh a bheith ar shoithí den sórt sin chun an scéim deimhniúcháin a chur chun feidhme go cuí. In éagmais sainmhíniú ginearálta ar iascaigh ar mionscála, leagadh síos in Airteagal 6 den Rialachán céanna critéir shonracha áirithe ar ar a mbonn a fhéadfaidh an t-onnmhaireoir bailíochtú deimhnithe shimplithe gabhála a iarraidh. Ba cheart acmhainneacht theoranta na soithí iascaireachta lena mbaineann a chur san áireamh sna critéir sin, rud a d'fhágfadh gurbh ualach díréireach a bheadh san oibleagáid an scéim deimhniúcháin gabhála chaighdeánach a chur i bhfeidhm. Na coinníollacha sin maidir le hincháilitheacht leis an bhfoirm shimplithe a úsáid, ba cheart iad a leasú chun go mbeidh sé níos éasca ar na húdaráis inniúla san Aontas iad a chur chun feidhme agus a fhíorú. Ina theannta sin, ba cheart foirm shimplithe an deimhnithe gabhála a oiriúnú d'úsáid CATCH agus don mhodhnú a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842 i bhfoirm an deimhnithe gabhála a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008. Chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis tríú tíortha oiriúnú do na modhnuithe ar fhoirm an deimhnithe shimplithe gabhála, ba cheart forálacha idirthréimhseacha a leagan síos.

(9) Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) bunaítear, *inter alia*, rialacha le go bhfeidhmeodh na Ballstáit rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir le hainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas chun cur i bhfeidhm ceart reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a áirithiú. Ceanglaítear leis ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, córas ríomhairithe bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla (CBFRO) a bhunú agus a bhainistiú chun sonraí, faisnéis agus doiciméid i ndáil le rialuithe oifigiúla a bhainistiú, a láimhseáil agus a mhalartú go huathoibríoch.

(10) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([5]) lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna a chórais ('Rialachán CBFRO'). Déanann CBFRO córais faisnéise áirithe arna mbainistiú ag an gCoimisiún a chomhtháthú agus a uasghrádú de réir mar is gá agus feidhmíonn sé mar scéim idir-inoibritheachta lena nasctar iad agus, i gcásanna áirithe, córais náisiúnta de chuid na mBallstát agus córais faisnéise tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ann cheana freisin. Is ceann de chomhchodanna CBFRO é an Córas um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (an córas TRACES) dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 agus a úsáidtear faoi láthair chun sonraí agus faisnéis maidir le hainmhithe agus roinnt táirgí eile agus rialuithe oifigiúla ina leith a bhainistiú.

(11) Le Rialachán (AE) 2023/2842 leasaíodh Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 trína dhéanamh éigeantach go n-úsáidfeadh allmhaireoirí de chuid an Aontais agus údaráis inniúla sna Ballstáit bunachar sonraí chun deimhnithe gabhála agus doiciméid ghaolmhara darb ainm CATCH a bhainistiú. D'fhorbair an Coimisiún an bunachar sonraí sin mar chuid den chóras TRACES. Fágann CATCH gur féidir rialú rioscabhunaithe a bheith ann, rud a laghdaíonn an riosca gurbh ann d'allmhairí calaoiseacha agus a laghdaíonn an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla na mBallstát.

(12) Comhlíonann CATCH, mar chuid den chóras TRACES, na forálacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 i gcás inarb ábhartha maidir le húsáid agus feidhmiú CATCH.

(13) Bunófar rialacha agus treoracha sonracha maidir le feidhmiú CATCH, lena n-áirítear deimhnithe gabhála agus doiciméid ghaolmhara a tháirgeadh, a láimhseáil agus a thíolacadh, chomh maith leis an bhfaisnéis atá iontu.

([4]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

(14) Le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, déantar foráil maidir le haitheantas a thabhairt do scéimeanna doiciméadaithe gabhála arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (dá ngairtear ERBInna anseo feasta) a mheastar go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin sin. Le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 aithníodh go gcomhlíonann scéimeanna doiciméadaithe gabhála ERBInna áirithe ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus liostaíodh iad in Iarscríbhinn V, Codanna I agus II. Tá an liosta sin le tabhairt cothrom le dáta i bhfianaise fhorbairtí na scéimeanna sin agus úsáid CATCH.

(15) Oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann na coinníollacha chun stádas oibreora eacnamaíoch fhormheasta a fháil, is féidir leo leas a bhaint as nós imeachta simplithe agus táirgí iascaigh á n-allmhairiú acu isteach i gcríoch an Aontais. Ceann de na tairbhí a bhaineann le stádas oibreora eacnamaíoch fhormheasta a fháil, ar bhonn na gcritéar a bhunaítear in Airteagal 16(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, is ea an fhéidearthacht a bheith ann comhairle a chur ar údaráis inniúla an Bhallstáit maidir le teacht na dtáirgí agus an deimhniú gabhála bailíochtaithe agus na doiciméid ghaolmhara, dá dtagraítear in Airteagal 14, a choinneáil ar fáil do na húdaráis chun críoch seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 16(1) nó fíoruithe i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán céanna. Bunaítear le hAirteagal 12a(2) den Rialachán sin, áfach, go bhfuiltear le húsáid a bhaint as CATCH maidir le gach malartú faisnéise, sonraí agus doiciméad i ndáil le hallmhairiú táirgí iascaigh agus seiceálacha gaolmhara, bainistiú riosca, fíoruithe agus rialú, agus, chomh maith leis sin, malartuithe i ndáil leis na doiciméid dá dtagraítear i gCaibidil III den Rialachán thuasluaite maidir leis an scéim deimhniúcháin gabhála chun táirgí iascaigh a allmhairiú agus a onnmhairiú, lena n-áirítear iarratais nó cinntí idir an t-allmhaireoir agus údaráis inniúla na mBallstát. Dá bhrí sin, tá na rialacha a bhaineann le stádas na n-oibreoirí eacnamaíocha formheasta le tabhairt cothrom le dáta chun úsáid éigeantach CATCH a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, ba cheart Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 a leasú dá réir sin.

(16) Bunaítear le hAirteagal 17(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 go bhfuil fíoruithe faoin scéim deimhniúcháin gabhála le díriú ar rioscaí a shainaithnítear ar bhonn chritéir chomhchoiteanna an Aontais maidir le fíoruithe, a bunaíodh ina dhiaidh sin in Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009.

(17) Leis na critéir chomhchoiteanna sin le haghaidh fíoruithe faoin scéim deimhniúcháin gabhála, beifear in ann rioscaí a shainaithint go córasach agus na bearta is gá a chur chun feidhme chun neamhchosaint ar rioscaí den sórt sin a theorannú. Is é is aidhm do chritéir chomhchoiteanna an Aontais cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le fíoruithe sna Ballstáit uile agus cothrom iomaíochta a bhunú do na hoibreoirí uile.

(18) Le hAirteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009, ceadaítear don Choimisiún critéir an Aontais maidir le fíorú a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn a bharúlacha féin agus na dtuarascálacha atá le cur isteach ag na Ballstáit gach 2 bhliain maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar thoradh an tuairiscithe a rinne na Ballstáit maidir lena gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 agus úsáid CATCH.

(19) Tá na hoibleagáidí tuairiscithe agus an mheastóireacht a bhunaítear in Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 le tabhairt cothrom le dáta freisin chun comhchuibhiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le bheith sna tuarascálacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus chun gur féidir leis an gCoimisiún coigeartuithe féideartha a dhéanamh ar chritéir an Aontais.

(20) Déantar foráil le hAirteagal 12(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 maidir le comhar riaracháin idir an Coimisiún agus tríú tíortha i réimsí a bhaineann le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le deimhnithe gabhála. Faoi chuimsiú Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, féadfar an deimhniú gabhála a bhunú, a bhailíochtú nó a chur isteach trí mhodh leictreonach nó féadfar córais inrianaitheachta leictreonaí a chur ina ionad lena n-áiritheofar an leibhéal céanna rialaithe ag na húdaráis, i gcomhaontú leis na stáit bhrataí trí bhíthin socruithe riaracháin.

(21) Na socruithe riaracháin a bunaíodh faoi chuimsiú an chomhair riaracháin a leagtar amach in Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, liostaítear iad in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009.

(22) Leis an leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, trí bhíthin Rialachán (AE) 2023/2842, tugadh isteach úsáid éigeantach CATCH, chomh maith le hathruithe ar theimpléad an deimhnithe gabhála, chun úsáid chalaoiseach deimhnithe gabhála a laghdú agus chun cúnamh lena rialuithe a thabhairt do na húdaráis inniúla sna Ballstáit.

(23) Le CATCH déanfar cros-seiceálacha bunaithe ar na sonraí atá sna deimhnithe gabhála nua. Ní féidir na cros-seiceálacha sin a fhorghníomhú ach amháin má sholáthraítear na sonraí uile a éilítear sa deimhniú gabhála. Déanfaidh sonraí atá in easnamh nó sonraí a imíonn ón teimpléad caighdeánach difear do chros-seiceálacha agus, dá bhrí sin, beidh tionchar diúltach acu ar na rialuithe a dhéanann na húdaráis sna Ballstáit. D'fhéadfadh easpa sonraí den sórt sin sna deimhnithe gabhála difear a dhéanamh freisin do na ceanglais inrianaitheachta nua a bhunaítear in CATCH.

(24) Dá bhrí sin, na socruithe riaracháin a bunaíodh idir an Coimisiún agus seacht gcinn de thríú tíortha, a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Uimh. 1010/2009, ní bheidh siad comhoiriúnach a thuilleadh le CATCH ná leis na ceanglais sa scéim deimhniúcháin gabhála. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 33 den Rialachán sin ina leagtar amach na socruithe sin a scriosadh dá réir. Chuir an Coimisiún in iúl do na tríú tíortha uile lena mbaineann go gcuirfear deireadh leis na socruithe riaracháin ón 10 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(25) Is le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) a rialaítear cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún, rialaítear í le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), go háirithe i ndáil leis na ceanglais a bhaineann le rúndacht agus slándáil próiseála, aistriú sonraí pearsanta ó chórais náisiúnta na mBallstát chuig an gCoimisiún, dlíthiúlacht na próiseála, agus cearta na n-ábhar sonraí chun faisnéise, chun rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta agus chun iad a cheartú agus a léirscriosadh.

(26) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1862 ón gCoimisiún ([8]), féadfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil chun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 a chur chun feidhme. Leagadh síos rialacha inmheánacha i ndáil le faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí agus leis na srianta ar chearta áirithe dá gcuid i gcomhthéacs na próiseála a dhéanann an Coimisiún ar shonraí pearsanta i gcóras an Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

(27) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 a leasú dá réir sin.

(28) Cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, le cúnamh ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

(29) Níor thug an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos,

(30) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 13 Meitheamh 2025.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([8]) Cinneadh (AE) 2019/1862 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2019 lena leagtar síos rialacha inmheánacha i ndáil le faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí agus leis na srianta ar chearta áirithe dá gcuid i gcomhthéacs na próiseála a dhéanann an Coimisiún ar shonraí pearsanta i gcóras an Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. C/2019/7894 (IO L 286, 7.11.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1862/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Foirm um réamhfhógra

An fhoirm um réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, leagtar amach í in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.'.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Tagarmharcanna le haghaidh cigireacht calafort

1. Beidh na critéir seo a leanas i gceist leis na tagarmharcanna le haghaidh cigireachtaí calafort dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008:

(a) go bhfuil na speicis lena mbaineann faoi réir scéim cigireachta nó cuótaí arna mbunú ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh;

(b) nach ndearnadh cigireacht ar an soitheach iascaireachta ag calafort de chuid an Aontais le 6 mhí anuas;

(c) go bhfuil neamhréireachtaí idir na gabhálacha agus gníomhaíochtaí iascaireachta aitheanta de chuid Stáit brataí, go háirithe i ndáil le speicis, toirteanna nó saintréithe a chabhlaigh iascaireachta;

(d) go ndearnadh mainneachtain maidir le comhlíonadh Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 maidir le réamhfhógra; gur ann do neamhréireachtaí idir sonraí gabhála arna ndearbhú ag an oibreoir agus faisnéis eile atá ar fáil don údarás inniúil;

(e) go bhfuil amhras faoi úinéir soithigh nó oibreoir go bhfuil nó go raibh sé páirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN;

(f) gur athraigh soitheach a hainm, a bratach nó a cláruimhir le déanaí;

(g) go bhfuil soitheach faoi bhratach Stáit faoi láthair, nó a bhí faoi bhratach Stáit le 5 bliana anuas, ar thug an Coimisiún Eorpach fógra dó go bhféadfaí é a shainaithint mar thríú tír neamh-chomhoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(h) go bhfuil soitheach faoi bhratach Stáit nár tugadh fógra dó i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(i) go bhfuil faisnéis ar fáil maidir le neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i mbailíochtú deimhnithe gabhála ag Stát brataí ar leith;

(j) go meastar easnaimh a bheith ar chóras rialaithe Stáit brataí;

(k) go raibh baint ag oibreoirí lena mbaineann le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar féidir gur baol iad i leith iascaireacht NNN;

(l) gur diúltaíodh don soitheach iascaireachta teacht isteach i gcalafort nó é a úsáid i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha idirnáisiúnta, réigiúnach agus/nó náisiúnta lena n-áirítear soithí iascaireachta a gceadaítear dóibh teacht isteach sa chalafort nó rochtain a fháil air ar deireadh mar gheall ar *force majeure* nó guais i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

2. Chun cur chun feidhme phointe (b) den chéad mhír a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit, tar éis gach cigireachta, ainm agus bratach an tsoithigh tríú tír a ndearnadh cigireacht uirthi agus dáta na cigireachta a thuairisciú gan mhoill don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach. Cuirfidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit eile.'.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

Deimhniú simplithe gabhála

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le soithí iascaireachta tríú tír:

(a) ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán gan trealamh iascaireachta tarraingthe; nó

(b) ar lú ná 8 méadar a bhfad iomlán gona dtrealamh iascaireachta tarraingthe;

2. Gabhálacha ó shoithí iascaireachta tríú tír dá dtagraítear i mír 1 nach dtugtar i dtír ach i Stát brataí na soithí sin agus arb aon choinsíneacht amháin atá iontu, arna dtógáil le chéile, féadfaidh deimhniú simplithe gabhála a bheith ag gabháil leo in ionad an deimhnithe gabhála dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008. Beidh sa deimhniú simplithe gabhála an fhaisnéis uile a shonraítear san eiseamal a thugtar in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus déanfaidh údarás poiblí de chuid an Stáit brataí ag a mbeidh na cumhachtaí is gá chun cruinneas na faisnéise a fhianú an deimhniú sin a bhailíochtú.

3. Déanfaidh onnmhaireoir na coinsíneachta bailíochtú an deimhnithe shimplithe gabhála a iarraidh tar éis dó an fhaisnéis uile a shonraítear san eiseamal a thugtar in Iarscríbhinn IV a chur faoi bhráid an údaráis phoiblí.'.

(4) Cuirtear isteach an tAirteagal 6a seo a leanas:

'*Airteagal 6a*

CATCH

1. I gcomhréir le hAirteagal 12a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, déanfaidh an t-allmhaireoir, an t-ath-onnmhaireoir agus, i gcás inarb ábhartha, an t-onnmhaireoir na doiciméid seo a leanas, de réir mar is infheidhme, agus an fhaisnéis atá iontu, a thíolacadh trí CATCH chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé beartaithe na táirgí iascaigh a scaoileadh i saorchúrsaíocht, nó, i gcás ath-onnmhairí, chuig údarás inniúil an Bhallstáit óna bhfuil siad le honnmhairiú, nó, i gcás onnmhairí, chuig údarás inniúil an Bhallstáit brataí:

(a) deimhniú gabhála i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus an teimpléad a bhunaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin;

(b) deimhniú simplithe gabhála i gcomhréir le hAirteagal 6 agus an teimpléad a bhunaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) deimhniú ath-onnmhairiúcháin mar a bhunaítear in Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) na mionsonraí iompair a áirítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(e) ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 arna bhunú ag an ngléasra próiseála i dtríú tír agus atá formhuinithe ag údarás inniúil an tríú tír sin i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(f) doiciméad aonair iompair dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó doiciméad neamhionramhála de réir an teimpléid a bhunaítear i Rialachán Tarmligthe (CE) 2025/453;

(g) aon doiciméad tacaíochta nó faisnéis is ábhartha faoin scéim deimhniúcháin gabhála a bhaineann leis na táirgí iascaigh.

2. Déanfar na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh de chuid an Bhallstáit ina ndéantar an tíolacadh.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh an Ballstát ina ndéantar an tíolacadh toiliú le doiciméid a fháil atá scríofa i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais arna iarraidh sin don oibreoir lena mbaineann.

4. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála amháin nó níos mó le haghaidh CATCH agus cuirfidh sé an t-ainmniú sin agus a mhionsonraí teagmhála in iúl don Choimisiún. Tabharfaidh na Ballstáit na pointí teagmhála le haghaidh CATCH cothrom le dáta agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon athrú ina leith sin. Coinneoidh an Coimisiún liosta de phointí teagmhála ar bun agus coinneoidh sé cothrom le dáta é agus cuirfidh sé ar fáil do na Ballstáit uile é.

5. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí, ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid uile in CATCH chun faireachán a dhéanamh ar mhalartú sonraí, faisnéise agus doiciméad a chuirtear isteach nó a tháirgtear ann chun gníomhaíochtaí a shainaithint nach bhfuil, nó a bhfuil an chuma orthu nach bhfuil siad, i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear i Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008. Beidh na cearta rochtana céanna ag an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus atá ag an gCoimisiún, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go héifeachtach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), lena n-áirítear é sin a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN.

6. A mhéid a bhaineann le rochtain d'úsáideoirí seachas an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid in CATCH, tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le TRACES mar a bhunaítear in Airteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

7. Ar iarratas a fháil, féadfaidh an Coimisiún rochtain pháirteach a thabhairt don údarás inniúil agus d'oibreoirí tríú tír ar fheidhmiúlachtaí CATCH agus ar shonraí sonracha atá ábhartha don tríú tír sin chun na deimhnithe gabhála agus na doiciméid ghaolmhara in CATCH a tháirgeadh agus a bhailíochtú, ar choinníoll go léireoidh an t-iarratasóir go gcomhlíonann sé na ceanglais seo a leanas:

(a) go bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil agus an acmhainn oibríochtúil aige chun an cúnamh is gá a chur ar fáil, gan moill mhíchuí, chun go bhfeidhmeoidh CATCH go maith; agus

(b) go bhfuil pointe teagmhála ainmnithe aige chun na críche sin.

Ní áireofar sa rochtain pháirteach dá dtagraítear sa mhír seo rochtain ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil in CATCH, ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an tríú tír is iarratasóir na coinníollacha maidir le haistrithe dleathacha sonraí pearsanta arna mbunú le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.

8. Malartuithe sonraí idir CATCH agus córais leictreonacha eile, lena n-áirítear córais náisiúnta na mBallstát, beidh siad sioncronach, cómhalartach agus bunaithe ar chaighdeáin NA/CEFACT. I malartuithe sonraí idir CATCH agus córais náisiúnta na mBallstát bainfear úsáid as na sonraí tagartha a sholáthraítear in CATCH.

9. I gcás nach mbeidh CATCH ar fáil, féadfaidh úsáideoirí teimpléid inlíonta chlóite nó leictreonacha a úsáid chun faisnéis a thaifeadadh agus a mhalartú. Beidh na teimpléid sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Choimisiúin. A luaithe a bheidh an córas ar fáil arís, tabharfaidh an t-allmhaireoir isteach in CATCH an fhaisnéis a taifeadadh sna teimpléid inlíonta chlóite nó leictreonacha agus cuirfidh sé i gceangal iad in CATCH mar dhoiciméid tacaíochta. Beidh an téacs *arna tháirgeadh le linn teagmhais* sna doiciméid sin. Cuirfidh an Coimisiún úsáideoirí ar an eolas trí CATCH coicís roimh ré faoi aon neamh-infhaighteacht phleanáilte, faoin bhfad a mhairfidh sí agus faoin gcúis léi.

10. Chun Airteagal 22(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 a chomhlíonadh, stórálfaidh CATCH, ar feadh 3 bliana ar a laghad, deimhnithe gabhála agus doiciméid ghaolmhara arna nginiúint ag oibreoirí tríú tíortha agus arna mbailíochtú go leictreonach in CATCH ag údaráis tríú tíortha. Déanfaidh CATCH sonraí pearsanta ó na deimhnithe gabhála agus ó na doiciméid ghaolmhara a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana.

11. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta in CATCH, tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le CBFRO mar a bhunaítear in Airteagail 10 agus 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

_____

(*) Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/473/oj).';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

'*Airteagal 7*

Scéimeanna aitheanta doiciméadaithe gabhála in ERBInna

Na scéimeanna doiciméadaithe gabhála a ghlacfaidh na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, aithneofar, chun críocha Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin sin gan coinníollacha breise.'.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

Bainistiú taifead

An córas chun deimhnithe gabhála a bhainistiú agus, i gcás inarb iomchuí, taifid a phróiseáil, dá dtagraítear in Airteagal 16(3)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, measfar é a bheith sásúil má chláraítear in CATCH an fhaisnéis atá sna deimhnithe gabhála agus sna doiciméid ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Chaibidil III agus Airteagal 31:

'*CAIBIDIL III*

Seiceálacha agus fíoruithe

Airteagal 31

Critéir an Aontais le haghaidh fíoruithe

I gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, cuirfidh na Ballstáit fíoruithe á ndíriú ar rioscaí a shainaithnítear ar bhonn na gcritéar seo a leanas de chuid an Aontais:

(a) go dtionscnaítear foláirimh in CATCH;

(b) go gcomhroinntear faisnéis le teachtaireachtaí Cúnaimh Fhrithpháirtigh i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus le Teideal IV den Rialachán seo;

(c) go bhfaightear táirgí ó speicis atá faoi réir cuóta faoi eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh;

(d) gur tugadh fógra do thír go bhféadfaí í a shainaithint mar thríú tír neamh-chomhoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(e) go bhfuil amhras go bhfuil soitheach, úinéir soithigh nó oibreoir, nó go raibh sé nó sí, páirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN;

(f) go raibh soitheach, úinéir soithigh nó oibreoir bainteach le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha seachas iascaireacht NNN ach a d'fhéadfadh a bheith ina riosca i ndáil le hiascaireacht NNN;

(g) gur athraigh soitheach a hainm, a bratach nó a cláruimhir le déanaí;

(h) go bhfuarthas táirgí iascaigh ó speicis a bhfuil luach tráchtála ard acu;

(i) gur tugadh isteach cineálacha nua táirgí iascaigh, cur i láthair nua táirge, nó patrúin nua trádála;

(j) go bhfuil neamhréireachtaí idir pátrúin trádála agus gníomhaíochtaí iascaireachta aitheanta de chuid Stát brataí, go háirithe i ndáil le speicis, toirteanna nó saintréithe a chabhlaigh iascaireachta;

(k) go bhfuil neamhréireachtaí idir patrúin trádála agus gníomhaíochtaí aitheanta iascaireachta tríú tír, go háirithe i ndáil le saintréithe a tionscail próiseála nó i ndáil lena trádáil i dtáirgí iascaigh;

(l) nach bhfuil údar le patrúin trádála i dtéarmaí réasúntacht nó loighic eacnamaíoch;

(m) go bhfuil méadú mór tobann ar thoirt na trádála i gcás speicis áirithe;

(n) gur tíolacadh deimhniú gabhála i ndáil le roinnt coinsíneachtaí;

(o) go ndearnadh deimhnithe gabhála páipéarbhunaithe a ghiniúint, a bhailíochtú agus a thíolacadh nó go ndearnadh ráitis phróiseála pháipéarbhunaithe a fhormhuiniú;

(p) go bhfuil neamhréireachtaí idir sonraí arna gcur isteach ag an oibreoir in CATCH agus sonraí atá sna deimhnithe gabhála páipéarbhunaithe, nó in aon doiciméad páipéarbhunaithe gaolmhar eile, nó in aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil don údarás inniúil;

(q) gur úsáideadh bosca 6 den deimhniú gabhála mar a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(r) gur úsáideadh bosca 7 den deimhniú gabhála mar a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 i gcás trasloingsithe;

(s) gur tíolacadh deimhnithe gabhála lena ngabhann mionsonraí iomadúla iompair mar a fhoráiltear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus/nó doiciméid dá bhforáiltear faoi Airteagal 14(1) den Rialachán céanna;

(t) gur ann do tháirge ó Stát brataí nua nó ó Stát onnmhairiúcháin nua;

(u) gur ann d'oibreoir nuabhunaithe.'.

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:

'*Airteagal 32*

Oibleagáidí tuairiscithe agus meastóireacht

1. Áireoidh na Ballstáit faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 31 sa tuarascáil uathu a bheidh le tarchur chuig an gCoimisiún gach 2 bhliain de réir Airteagal 55(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

2. Sna tuarascálacha ó na Ballstáit, áireoidh siad an fhaisnéis seo a leanas:

(a) seiceálacha arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) líon agus cineál na dtáscairí riosca breise a thug na Ballstáit isteach in CATCH ar an leibhéal náisiúnta;

(c) an líon foláireamh arna dtionscnamh in CATCH in aghaidh an táscaire riosca;

(d) rioscaí arna sainaithint ar bhonn chur i bhfeidhm chritéir an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán seo agus ar bhonn chur i bhfeidhm critéir náisiúnta bhreise má thugtar fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(e) torthaí na ngníomhaíochtaí fíorúcháin arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(f) fíorúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(g) fíorúcháin arna ndéanamh go randamach i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

3. Ar bhonn na dtuarascálacha sin agus a bharúlacha féin, tabharfaidh an Coimisiún faoi mheastóireacht ar chritéir an Aontais agus faoi choigeartú a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu.';

(9) Scriostar Airteagal 33;

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 36:

'*Airteagal 36*

Cosaint agus próiseáil sonraí pearsanta

1. Tá feidhm ag Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 chomh maith leis na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit, an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú aige de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus an Rialacháin seo.

2. Cearta daoine maidir lena sonraí pearsanta arna bpróiseáil i gcórais náisiúnta, feidhmeofar iad i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ina stóráiltear a sonraí pearsanta, agus go háirithe na forálacha lena gcuirtear Rialachán (AE) 2016/679 chun feidhme, agus, maidir lena sonraí pearsanta arna bpróiseáil i gcórais de chuid an Aontais, feidhmeofar iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú aige agus na Ballstáit sonraí pearsanta daoine nádúrtha a phróiseáil, chun a ndualgais a chomhlíonadh faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe chun fíoruithe agus fiosrúcháin a dhéanamh de bhun fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1005/2008, nó faoi rialacha na gcomhaontuithe le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

4. Féadfaidh an Coimisiún srian a chur le cearta áirithe ábhar sonraí i gcomhthéacs na próiseála a dhéanann an Coimisiún ar shonraí pearsanta i gcóras an Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1862 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2019.

_____

(*) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).';

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 37:

'*Airteagal 37*

Faisnéis a úsáid agus rúndacht ghairmiúil agus tráchtála a chosaint

1. Maidir leis na sonraí atá cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil agus tráchtála a bhailítear, a fhaightear agus a tharchuirtear laistigh de chreat an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na bearta ar fad is gá chun a áirithiú go gcaitear leis na sonraí sin i gcomhréir leis na rialacha infheidhme maidir le rúndacht ghairmiúil agus tráchtála.

2. Féadfar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 arna malartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún a tharchur chuig daoine seachas iad siúd sna Ballstáit nó sa Choimisiúin nó sa chomhlacht arna ainmniú aige ar choinníoll go n-éilíonn a gcuid feidhmeanna go mbeadh rochtain acu ar na sonraí sin agus le toiliú an Bhallstáit nó an Choimisiúin nó an chomhlachta arna ainmniú aige a chuir na sonraí sin ar fáil. I gcás diúltú soláthróidh an Ballstát, an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú aige na cúiseanna atá leis an diúltú na sonraí a tharchur. I gcás nach dtugtar freagra laistigh de thréimhse 1 mhíosa féachfar air sin mar thoiliú.

3. Ní úsáidfear na sonraí dá dtagraítear i mír 1 chun aon chríche eile seachas chun na críche sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ach amháin le toiliú an Bhallstáit, an Choimisiúin nó an chomhlachta arna ainmniú aige a chuir na sonraí sin ar fáil agus ar choinníoll nach dtoirmisctear úsáid den sórt sin leis na forálacha atá i bhfeidhm i mBallstát an údaráis a fhaigheann na sonraí. I gcás diúltú, tabharfaidh an Ballstát, an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú aige na cúiseanna atá leis an diúltú.'.

(12) Cuirfear tagairt d'Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 in ionad na tagartha d'Airteagal 42(1)(b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ar fud Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009.

(13) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní IIA agus IIB.

(14) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

(15) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V.

(16) Scriostar Iarscríbhinn IX.

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

Beidh Airteagal 6 den Rialachán seo agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis infheidhme ón 10 Eanáir 2027 ar aghaidh.

Go dtí an 10 Eanáir 2028 féadfaidh an t-allmhaireoir deimhnithe simplithe gabhála arna mbailíochtú roimh an 10 Eanáir 2027 a úsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 de réir mar is infheidhme tráth a mbailíochtaithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN II

Foirm um réamhfhógra le haghaidh soithí iascaireachta tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2

Ní gá na réimsí atá marcáilte le réiltín (*) a líonadh isteach i gcásanna inar bailíochtaíodh deimhniú gabhála chun an ghabháil iomlán a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú san Aontas.

Aitheantas soithigh

1. Ainm an tsoithigh:

2. Cineál soithigh (soitheach gabhála, soitheach iompair nó soitheach tacaíochta):

3. Bratach (tír chlárúcháin):

4. Uimhir chlárúcháin náisiúnta (marcáil sheachtrach):

5. Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió:

6. Sonraí teagmhála an tsoithigh:

7. Uimhir IMO, más infheidhme:

8. Aitheantóir uathúil eile de chuid an tsoithigh (mura soláthraítear uimhir IMO):

9. An bhfuil VMS aici (tá/níl (náisiúnta) tá/níl (ERBI); má tá, cén cineál:)

10. Toisí an tsoithigh – fad: seas: doimhneacht snámha:

An calafort cuarda beartaithe

11. Ainm an chalafoirt (cód tíre alfa-2 ISO + cód calafoirt 3 litir ([1]):

12. Cuspóir na cuarda (tabhairt i dtír, trasloingsiú nó rochtain ar sheirbhísí):

13. Calafort agus dáta na cuarda deiridh (cód tíre alfa-2 ISO + INM an chalafoirt/cód calafoirt 3 litir):

Údarú iascaireachta

14. Uimhir údaraithe iascaireachta, tréimhse bhailíochta agus dáta éaga (sonraigh, freisin, meá, speiceas agus trealamh) (*):

15. Údarú chun tacú le hoibríochtaí iascaireachta/trasloingsiú táirgí iascaigh agus dáta éaga:

16. Údarás eisiúna:

17. Aitheantas ERBI, más infheidhme:

Dátaí

18. Dátaí an turais iascaireachta (*):

19. Dáta agus am a mheastar a bhainfear an calafort amach:

Cainníochtaí speiceas a coinníodh ar bord (nó tuarascáil nialasach murab ann d'aon ghabháil)

20. Uimhreacha na ndeimhnithe gabhála ina leith seo (má tá siad ar fáil)	21. Dáta an trasloingsithe (má rinneadh trasloingsiú in áit eile seachas an calafort inar tugadh an ghabháil i dtír) (*)	22. Limistéar nó calafort an trasloingsithe (limistéar FAO (ICES), foroinn FAO (ICES) agus limistéar iarrachta iascaireachta) (*)	23. Dáta údaruithe trasloingsithe (*)	24. Ainm an speicis (cód alfa-3 FAO) (*)
25. Limistéar gabhála (limistéar FAO (ICES), foroinn FAO (ICES) agus limistéar iarrachta iascaireachta) (*)	26. An beomheáchan iomlán measta ar bord (ina kg) agus/nó an líon iasc más gá	27. Beomheáchan iomlán measta na n-iasc atá le tabhairt i dtír/ trasloingsiú (ina kg) agus/nó an líon iasc más gá (*)	28. Glanmheáchan na n-iasc atá le tabhairt i dtír/ trasloingsiú (*)	29. Na héisc a chur i láthair agus staid an chaomhnaithe (úsáid cóid ([1])) (*)

([1]) Tá cóid do chalafoirt, staid chaomhnaithe iasc agus cur i láthair iasc le fáil ar: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/fisheries/rules/enforcing-rules_ga.

30. Ainm agus seoladh úinéir an tsoithigh:

31. Ainm mháistir an tsoithigh/an ionadaí:

32. Síniú:

33. Dáta:'

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN IV

DEIMHNIÚ GABHÁLA AN AONTAIS EORPAIGH

Foirm shimplithe um tháirgí iascaigh a chomhlíonann na ceanglais in Airteagal 6 agus 6a den Rialachán seo

(I) **DEIMHNIÚ GABHÁLA AN AONTAIS EORPAIGH**

Foirm shimplithe um tháirgí iascaigh a chomhlíonann na ceanglais in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009

Uimhir an doiciméid	
Údarás bailíochtúcháin	
Ainm	
Seoladh	
Ríomhphost	Teil.

1. **Tuairisc ar an táirge**

Speiceas:	Cód táirge	Meáchan fíoraithe arna thabhairt i dtír (kg)

2. **Tagairt do na bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme**

3. **Liosta na soithí a chuir gabhálacha ar fáil (i gceangal leis seo)**

Ainm an tsoithigh	Uimhir chlárúcháin náisiúnta	Cainníocht (kg)	Dáta gabhála

4. **Onnmhaireoir**

Ainm	Seoladh/uimhir theileafóin	Síniú	Dáta	Séala

5. **Bailíochtú an Stáit Brataí:**

Ainm/teideal	Síniú	Dáta	Séala (stampa)

6. **Mionsonraí iompair (féach an Fhoscríbhinn)**

Dearbhú an allmhaireora			
Cuideachta, ainm, seoladh, uimhir EORI ([1]) agus mionsonraí teagmhála an allmhaireora (tabhair mionsonraí)	Síniú	Dáta	Séala
Cuideachta, ainm, seoladh, uimhir EORI ([1]) agus mionsonraí teagmhála ionadaí an allmhaireora (tabhair mionsonraí)	Síniú	Dáta	Séala
Tuairisc ar an táirge	Cód AC	Glanmheáchan ina Kg	Glanmheáchan an táirge iascaigh ina kg
An ann do dhoiciméad faoi Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008	Is ann/ní ann (de réir mar is iomchuí)	Tagairtí	
An ann do dhoiciméad faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008:	Is ann/ní ann (de réir mar is iomchuí)	Tagairtí (Uimhir/uimhreacha doiciméid an ráitis próiseála):	
Ballstát agus oifig allmhairiúcháin			
Modh iompair tráth an teachta (eitleán, feithicil, long, traein)	Tagairt don doiciméad iompair		Am teachta measta (má thíolactar faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008)
Uimhir dearbhaithe custaim (más rud é gur eisíodh é)	Uimhir CHED ([2]) (má tá sí ar fáil)		

Rialú ar allmhairiú				
Údarás	Áit	Allmhairiú údaraithe ([3])	Allmhairiú curtha ar fionraí ([3])	Fíorú arna iarraidh – dáta

Diúltú an deimhnithe gabhála	
Deimhniú gabhála arna dhiúltú ar bhonn na forála seo a leanas de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008:	
Airteagal 18(1), pointe (a)	([3])
Airteagal 18(1), pointe (b)	([3])
Airteagal 18(1), pointe (c)	([3])
Airteagal 18(1), pointe (d)	([3])
Airteagal 18(1), pointe (e)	([3])
Airteagal 18(1), pointe (f)	([3])
Airteagal 18(1), pointe (g)	([3])
Airteagal 18(2), pointe (a)	([3])
Airteagal 18(2), pointe (b)	([3])
Airteagal 18(2), pointe (c)	([3])
Airteagal 18(2), pointe (d)	([3])

([1]) Clárú agus Sainaithint Oibreoirí Eacnamaíocha.

([2]) Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte.

([3]) Cuir tic de réir mar is iomchuí.

(II) **DEIMHNIÚ ATH-ONNMHAIRIÚCHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH**

Uimhir an deimhnithe	Dáta	Ballstát	
1. **Tuairisc ar an táirge**			
Meáchan (kg)	Speiceas	Cód táirge	Difríocht ón gcainníocht iomlán atá dearbhaithe sa deimhniú gabhála
2. **Ainm an ath-onnmhaireora**			
Seoladh	Síniú	Dáta	
3. **Údarás**			
Ainm/teideal	Síniú	Dáta	Séala/Stampa
4. **Rialú ar ath-onnmhairiú**			
Áit	Ath-onnmhairiú údaraithe (*)	Fíorú iarrtha (*)	Uimhir agus dáta an deimhnithe ath-onnmhairiúcháin

(*) Cuir tic de réir mar is iomchuí

Foscríbhinn

Mionsonraí iompair ([1])

1. Tír onnmhairiúcháin Calafort/aerfort/pointe eile imeachta	2. Síniú an onnmhaireora		3. Ceann scríbe	
Ainm agus bratach an tsoithigh Uimhir eitilte/uimhir an tsonraisc aeriompair Náisiúntacht agus uimhir chlárúcháin na trucaile Uimhir an tsonraisc iarnróid Uimhir an tsonraisc lasta Doiciméid eile iompair (e.g. bille luchta, bille iompair trucaile ([2]), bille aeriompair)	Uimhir an choimeádáin/ uimhreacha na gcoimeádán liosta faoi iamh	Ainm	Seoladh	Síniú

([1]) I gcás ina n-úsáidfear ilmhodhanna iompair/il-lastais, ní mór an fhaisnéis a bhaineann leis an iompar a sholáthar i gcás gach modha iompair a úsáidtear le haghaidh gach lastais.
([2]) Conradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar.'

IARSCRÍBHINN III

'IARSCRÍBHINN V

Scéimeanna doiciméadaithe gabhála arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh atá aitheanta mar scéimeanna a chomhlíonann ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008

Scéimeanna doiciméadaithe gabhála atá aitheanta mar scéimeanna a chomhlíonann ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008:

Scéim doiciméadaithe gabhála le haghaidh *Dissostichus spp*. mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1035/2001 ón gComhairle ([1])

Clár ICCAT de dhoiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).'

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1035/2001 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena mbunaítear scéim doiciméadaithe um ghabháil le haghaidh *Dissostichus spp* (IO L 145, 31.5.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1035/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (IO L 2023/2833, 20.12.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2833/oj).